



Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc

Garrán na Fuinseoige, Ceatharlach, R93 PX92
Príomhoide: Ruth Ní Chearbhalláin
Príomhoide Tánaiste: Mícheál Ó Rinn
Uimhir Rolla: 19811S

Fón: 059 9131634
Ríomhphost: office@cgscoil.ie
Suíomh: www.cgscoil.ie
UCC: 20109431

Polasaí Bí Cineálta Scoile chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi *School Bí Cineálta Policy to Prevent and Address Bullying Behaviour*

Polasaí Bí Cineálta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi

Bí Cineálta Policy to Prevent and Address Bullying Behaviour

Ghlac Bord Bainistíocht Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc leis an bpolasaí seo a leanas chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Comhlíonann an polasaí seo go hiomlán ceanglais *Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2024*.

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompraíocht bhulaíochta as do chearta an linbh mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Tá freagracht orainn go léir, mar phobal scoile, oibriú le chéile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus chun déileáil leis an tionchar diúltach a bhíonn ag iompraíocht bhulaíochta.

Táimid tiomanta do chinntiú go gcoinnítear gach scoláire a fhreastalaíonn ar ár scoil saor ó dhíobháil agus go bhfuil folláine ár scoláirí chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn. Aithnímid an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag iompraíocht bhulaíochta ar shaol ár scoláirí agus táimid tiomanta go hiomlán d'iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Deimhnímid go ndéanfaimid, i gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhionannais, gach beart atá indéanta de réir réasúin chun ciapadh scoláirí nó baill foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear: inscne, stádas sibhialta, stádas clainne, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus a bheith mar bhall den Lucht Siúil.

The Board of Management of Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc has adopted the following policy to prevent and address bullying behaviour.

This policy fully complies with the requirements of Bí Cineálta: Procedures to Prevent and Address Bullying Behaviour for Primary and Post-Primary Schools 2024.

The Board of Management acknowledges that bullying behaviour interferes with the rights of the child as set out in the United Nations Convention on the Rights of the Child. We all, as a school community, have a responsibility to work together to prevent and address bullying behaviour and to deal with the negative impact of bullying behaviour.

We are committed to ensuring that all students who attend our school are kept safe from harm and that the wellbeing of our students is at the forefront of everything that we do. We recognise the negative impact that bullying behaviour can have on the lives of our students and we are fully committed to preventing and addressing bullying behaviour. We confirm that we will, in accordance with our obligations under equality legislation, take all such steps that are reasonably practicable to prevent the harassment of students or staff on any of the nine grounds specified: gender, civil status, family status, sexual orientation, religion, age, disability, race and membership of the Traveller community.

Sainmhíniú ar an mBulaíocht:

Tugtar sainmhíniú ar an mbulaíocht in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* mar

- Iompraíocht spriocdhírthe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar.
- D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach.
- Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí.
- Is iompar d'aon ghnó é agus nach dteastaíonn. *Ní iompar de thimpiste ná meargánta é.*

Is féidir leis an dochar a bheith:

- Fisiciúil (m.sh.: díobháil phearsanta, damáiste do mhaoín nó cailliúint maoine)
- Sóisialta: (m.sh.: tarraingt siar, uaigneas, eisiámh)
- Mothúchánach: (m.sh.: féinmheas íseal, dúlagar, imní)

Ní iompraíocht bhulaíochta é cás aonuaire d'iompar diúltach i leith mac léinn. Mar sin féin, is féidir teachtaireacht ghoilliúnach aonair a chuirtear ar na meáin shóisialta a mheas mar iompraíocht bhulaíochta toisc go bhféadfadh sí a bheith le feiceáil ag lucht féachana leathan agus go bhfuil seans ard ann go roinnfear í arís agus arís eile agus dá bhrí sin go n-éiríonn sí ina hiompar athchleachtach.

Iompar nach iompraíocht bhulaíochta é:

Mura bhfuil an dochar athchleachtach fíor don dalta atá ag fulaingt an iompair, ach mura bhfuil sé beartaithe ag an dalta eile, ní bulaíocht í seo, ach, go háirithe, ní mór aghaidh a thabhairt uirthi faoi chód iompair na scoile.

D'fhéadfadh deacrachtaí cumarsáide sóisialta a bheith ag roinnt daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a d'fhéadfadh a chur orthu a gcuid riachtanas a chur in iúl trí iompraíochtaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dóibh féin nó do dhaoine eile. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil na hiompraíochtaí seo d'aon ghnó ná pleanáilte, ach i gcásanna áirithe, is freagairt uathoibríoch iad nach féidir leo a rialú.

Ní mheastar easaontas idir daltaí mar bhulaíocht mura mbaineann iarrachtaí d'aon ghnó agus arís agus arís eile leis anacair a chur faoi deara, eisiámh nó míghnaoi a chruthú i measc daoine eile.

Cineálacha Bulaíochta:

Tá mórán modhanna éagsúla ina léirítear iompraíocht bhulaíochta agus ina measc sin tá bulaíocht fhisiciúil, bulaíocht ó bhéal agus bulaíocht a bhaineann le caidreamh agus is féidir léi tarlú ar líne nó as líne. Is iomaí cuspóir éagsúil atá le hiompraíocht bhulaíochta freisin agus is féidir iad sin a thuiscint ar an leibhéal aonair (mar shampla, ag iarraidh a bheith ceannasach, stádas, díoltas) agus/nó ar leibhéal na sochaí (mar shampla, bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht amhail bulaíocht chiníoch, mhíchumais, ghnéasaíoch nó LADTA+) Is minic a bhíonn tionchar láidir ag meonta,

iompraíochtaí, nósanna imeachta agus dinimic chumhachta atá fréamhaithe go domhain inár sochaí ar iompar bulaíochta inár sochaí.

1. Iompraíocht bhulaíochta díreach:

- Iompraíocht bhúlíochta fisicúil: San áireamh sa bhulaíocht fhisiciúil, tá scoláirí a bhrú, a shoncáil, a chiceáil, a phriocadh agus cor coise a chur iontu. Is féidir le hiompraíocht bhulaíochta a bheith dírithe ar mhaoin phearsanta.
- Iompraíocht bhulaíochta ó bhéal: glaoch ainmneacha ar bhonn leanúnach atá dírithe ar scoláire agus a ghortaíonn, a mhaslaíonn nó a náiríonn an scoláire
- scríofa - nótaí, pictiúirí
- Scracadh: Bíonn scracadh i gceist nuair a fhaightear rud éigin i lámh láidir nó le bagairt.

2. Iompraíocht bhulaíochta indíreach:

- Eisiámh: Tarlaíonn iompraíocht bhulaíochta eisiata nuair a dhéanann scoláire nó scoláirí scoláire eile a aonrú, a eisiámh nó neamhaird a thabhairt air/uirthi in aon turas ar bhonn leanúnach.
- Caidrimh: Tarlaíonn iompraíocht bhulaíochta caidrimh nuair a dhiúltaítear ar bhonn leanúnach d'iarrachtaí a dhéanann scoláire bualadh le piaraí agus caidreamh a bhunú leo nó nuair a bhaintear de na hiarrachtaí sin.

3. Iompraíocht bhulaíochta ar líne:

Déantar iompraíocht bhulaíochta ar líne (cibearbhulaíocht) trí fheidhm a bhaint as

- teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide amhail téacsanna nó teachtaireachtaí díreacha/meandracha, ardáin na meán sóisialta, ríomhphost, aipeanna, suíomhanna cluichíochta digiteacha, consóil chluichíochta, seomraí comhrá agus teicneolaíochtaí eile ar líne. Teachtaireachtaí nó íomhánna gránna, maslacha, tarcaisneacha agus/nó bagracha a sheoladh nó a roinnt le teachtaireachtaí téacs, ríomhphoist, teachtaireachtaí díreacha nó suíomhanna gréasáin nó aipeanna eile
- eolas a mheastar a bheith pearsanta, príobháideach agus íogair a phostáil gan chead
- próifílí bréagacha a chruthú ar líonra sóisialta agus/nó a bheith páirteach iontu chun scoláirí eile a phearsanú agus/nó a náiriú
- rochtain scoláire ar ghrúpaí comhrá ar líne, ar chuntais nó ar chluiche ar líne a eisiámh nó a bhac in aon turas.

Definition of Bullying:

Bullying is defined in Cineáltas: Action Plan on Bullying and Bí Cineálta: Procedures to Prevent and Address Bullying Behaviour for Primary and Post-Primary Schools as:

- *Targeted behaviour, online or offline that causes harm.*
- *The harm caused can be physical, social and/or emotional in nature and can have lasting effects on the the child experiencing the behaviour.*
- *Bullying behaviour is repeated over time and involves an imbalance of power in relationships between two people or groups of people in society.*
- *It is behaviour which is deliberate in nature and is unwanted. It is not accidental or reckless behaviour.*

The harm can be:

- *Physical (eg: personal injury, damage to or loss of property)*
- *Social: (eg: withdrawal, loneliness, exclusion)*

- *Emotional: (eg: low self esteem, depression, anxiety)*

A one-off instance of negative behaviour towards a student is not bullying behaviour. However, a single hurtful message posted on social media can be considered bullying behaviour as it may be visible to a wide audience and has a high likelihood of being shared multiple times and so becomes a repeated behaviour.

Behaviour that is not bullying behaviour:

If the repeated harm is real for the student experiencing the behaviour, but unintended by the other student, this is not bullying, but, importantly, must be addressed under the school 's code of behaviour.

Some students with special educational needs, may have social communication difficulties which may make them communicate their needs through behaviours that can hurt themselves or others. It is important to note that these behaviours are not deliberate or planned, but in certain situations, they are an automatic response which they cannot control.

Disagreement between students is not considered bullying unless it involves deliberate and repeated attempts to cause distress, exclude or create dislike by others.

Types of Bullying:

There are many different types of bullying behaviour. These can include directing bullying at someone focused on the following: disability, exceptional ability, gender identity, LGBTQ+ , physical appearance, racism, poverty status, religious identity, sexism and sexual harassment. This is not an exhaustive list.

1. Direct

- Physical bullying behaviour (pushing, shoving, punching, kicking), damage to personal property
- verbal – continual name calling
- written – passing around notes or drawings of a student
- extortion – where something is obtained through force or threats

2. Indirect

- exclusion bullying behaviour where a student is deliberately and repeatedly isolated, excluded or ignored by a student or group of students.
- Relational bullying behaviour when a student's attempts to socialise and form relationships with peers are repeatedly rejected or undermined.

3. Online bullying behaviour

This form of bullying behaviour can include:

- sending or sharing nasty, insulting, offensive, and/or intimidating messages or images via text messages, emails, direct messages or other websites or apps
- posting information considered to be personal, private and sensitive without consent
- making and/or participating in fake profiles on a social network to impersonate and/or humiliate other students
- excluding or disrupting access to a student on purpose from online chat groups, access to accounts or from an online game

Mír A: Forbairt/athbhreithniú ar ár bpolasaí Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi

Tugadh deis do gach ball dár bpobal scoile ionchur a bheith acu i bhforbairt/athbhreithniú an pholasaí seo.

Section A: Development/review of our Bí Cineálta policy to prevent and address bullying behaviour

All members of our school community were provided with the opportunity to input into the development/review of this policy.

	Dáta an Chomhairliúcháin <i>Date consulted</i>	Modh comhairliúcháin <i>Method of consultation</i>
Foireann na Scoile <i>School Staff</i>	25/3/2025 20/5/2025 23/5/2025	Cruinniú Foirne/ <i>Staff Meeting (discussion)</i> Cruinniú Foirne/ <i>Staff Meeting (webinar)</i> Lá oiliúint foirne/ <i>Staff training day (dúnadh ½ lá)</i>
Scoláirí <i>Students</i>	23/6/2025	Grúpa Fócais leis na páistí/ <i>Focus group with students</i>
Tuismitheoirí <i>Parents</i>	13/6/2025	Grúpa Fócais leis na thuismitheoirí/ <i>Focus group with parents</i>
Bord Bainistíochta <i>Board of Management</i>	23/6/2025	Cruinniú Boird Bainistíochta/ <i>Board of Management Meeting</i>
Pobal na scoile i gcoitinne (de réir mar is cuí m.s. tiománaithe bus) <i>Wider school community as appropriate, e.g. bus drivers</i>	23/5/2025	Bhí na CRS & Coimhdirí Iompair Scoile i láthair ag an Lá oiliúint Foirne/ <i>SNAs & Bus Escorts attended the Staff training day</i>
An dáta ar faomhadh an polasaí: 23/05/2025 <i>Date policy was approved: 23/05/2025</i>		
An dáta is déanaí a ndearnadh athbhreithniú ar an bpolasaí: <i>Date policy was last reviewed: 29/09/2025</i>		

Mír B: Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc

Section B: Preventing Bullying Behaviour

Leagtar amach sa mhír seo na straitéisí coisctheacha a úsáidfídh an scoil. Ina measc sin tá straitéisí atá dírithe go sonrach ar iompraíocht bhulaíochta ar líne a chosc, iompraíocht bhulaíochta homafóbach agus trasfhóbach, iompraíocht bhulaíochta ciníche, iompraíocht bhulaíochta gnéasaí agus ciapadh gnéasach de réir mar is cuí. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta).

This section sets out the prevention strategies that will be used by the school. These include strategies specifically aimed at preventing online bullying behaviour, homophobic and transphobic bullying behaviour, racist bullying behaviour, sexist bullying behaviour and sexual harassment as appropriate (see Chapter 5 of the Bí Cineálta procedures):

A. Cultúr & Timpeallacht/*Culture & Environment:*

Déanfainid ár ndícheall chun/We strive to:

- Cultúr agus timpeallacht scoile dearfach agus ioncuimsitheach a chruthú chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi/ *Create a positive and inclusive school culture and environment to prevent and address bullying behaviour.*
- Cruthaigh spás ina mothaíonn scoláirí agus baill foirne na scoile muintearas agus ina mothaíonn said go bhfuil said sábháilte, nasctha, agus go bhfuil tacaíocht á fail acu/ *Create a space where students and school staff experience a sense of belonging and feel safe, connected, and supported.*
- Caidrimh a fhorbairt idir gach ball de phobal na scoile bunaithe ar mheas, cúram, ionracas agus muinín/ *Develop relationships between all members of the school community based on respect, care, integrity and trust.*
- Cumarsáid oscailte idir pátrún, boird bainistíochta, foirne scoile, scoláirí agus a dtuismitheoirí chun cur chuige comhoibríoch agus freagrachtaí comhroinnte a chothú maidir le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi/ *Open communication between the Patron, Board of Management, school staff, students and their parents to help foster a collaborative approach and shared responsibilities in relation to preventing and addressing bullying behaviour.*
- Tá sé de fhreagracht ar gach ball de fhoireann na scoile, cultúr scoile nach bhfuil aon ghlacadh le hiompraíocht bhulaíochta ann, a fhobairt agus a choinneáil, agus cur chuige seasmhacha ghlacadh i dtaca le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta/ *Each member of staff has a responsibility to develop and maintain a school culture where bullying behaviour is unacceptable and to take a consistent approach to addressing bullying behaviour.*
- Tacú le scoláirí chun cultúr na scoile a mhúnlú trí chineáltas agus ioncuimsitheacht a chur chun cinn laistigh dá ngrúpa piaraí agus timpeallacht scoile atá dearfach agus tacúil a choinneáil do chách/ *Support students to shape the school culture by promoting kindness and inclusion within their peer group and maintain a positive and supportive school environment for all.*
- A chinntiú go bhfuil tuismitheoirí rannpháirteach, mar chomhpháirtithe gníomhacha in oideachas a bpáiste, ag cabhrú le timpeallacht a chothú nach nglactar le hiompraíocht bhulaíochta trí ionbhá agus meas a chothú/ *Involve parents, as active partners in their child's education, in helping to foster an environment where bullying behaviour is not tolerated through promoting empathy and respect.*
- Tá sé tábhachtach go dtacódh pobal uile na scoile le timpeallacht ina dtuigtear **nach binn béal ina thost i gcónaí**/ *It is important that the whole school community support a 'telling' environment.*
- Glacadh leis an gcoincheap a bhaineann le **'duine fásta iontaofa'** mar straitéis éifeachtach chun scoláirí a spreagadh le tuairisciú a dhéanamh má tá an scoláire féin nó scoláire eile ag fulaingt na hiompraíochta bhulaíochta/ *Promote the concept of 'a trusted adult' as an effective strategy to encourage students to report if they or another student is experiencing bullying behaviour.*
- Spásanna fisiciúla sábháilte a chruthú/ *Create safe physical spaces:*

- A chinntiú go bhfuil soilsiú maith ann chun cúinní nó spásanna dorchá a sheachaint/ *ensure good lighting is present to avoid dark corner or spaces.*
- Bacainní amhairc a sheachaint, amhail is póstaer a bhaint d'fhuinneoga/ *remove visual barriers e.g. remove posters from windows.*
- Feiceálacht na mball foirne atá i mbun maoirseachta ag amanna sosa a fheabhsú lena náirítear le linn dualgas clóis/ *improve visibility of school staff who are supervising at break times including during yard duty.*
- Is féidir le múrphictiúir, saothair ealaíne agus comharthaíocht cúnamh a thabhairt do scoileanna chun luachanna na scoile, amhail is comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus meas a chur chun cinn/ *mural, artwork and signage can help schools promote the school's values such as equality, diversity, inclusion and respect.*
- A bheith cinnte go bhfuil a dhóthain maoirseacht ar scoil/ *ensure there is sufficient supervision at school.*

Is iad seo a leanas na bealaí ina n-oibrímid chun na spriocanna seo a bhaint amach

Ways in which we work to achieve these goals are as follows:

- Cuirtear an fhoireann ar an eolas faoin gcur chuige aonfhoirmeach a bheidh in úsáid chun gach tuairisc ar bhulaíocht a láimhseáil. Déantar na céimeanna a bhaineann le dul i ngleic le hiompraíocht a lannú agus a thaispeáint sna seomraí ranga agus sna seomraí foirne/ *Staff are made aware of the uniform approach we must take to handle all reports of bullying. The steps involved in addressing behaviours are laminated and displayed in classrooms and staffrooms.*
- Cúntóirí clóis súgartha – tugann scoláirí sna hardranganna tacaíocht do na ranganna níos óige ag am lóin agus sa chlós chun cabhrú le cluichí agus le hidirghníomhaíochtaí dearfacha agus le teagasc na gCluichí Chlóis/ *Playground helpers – students in higher classes volunteer to support younger classes at lunch time and on yard to help with games and positive interactions and the teaching of Cluichí Chlóis.*
- Gníomhaíochtaí na seachtaine Frithbhulaíochta ar nós Gníomhartha Cineáltais Randamach, Crann Cineáltais, déanamh póstaer, déanamh mana, srl./ *Anti Bullying week activities such as Random Acts of Kindness, Kindness Tree, Poster making, and slogan making.*
- Tá leagan den Pholasáí cruthaithe ag leanaí na scoile le hionchur na ndaltaí agus tá sé ar taispeáint ar fud na scoile/ *Child Friendly BÍ Cineálta Policy was formed with pupil input and is displayed throughout the school.*
- Cultúr *insinte* a spreagadh, agus béim faoi leith ar thábhacht na bhfinnéithe. Ar an gcaoi sin beidh muinín ag daltaí as a bheith ag insint. Tá gné seo na muiníne rithábhachtach/ *Promote a 'telling' culture, with particular emphasis on the importance of witnesses. In this way the students will have confidence in reporting bullying behaviour. These aspects of confidence and trust are extremely important.*

Ba chóir a chur in iúl go soiléir do gach dalta agus iad ag tuairisciú eachtraí bulaíochta nach ag insint ná ag sceitheadh atá siad ach ag gníomhú go freagrach/ *It should be made clear to all students that when they report incidents of bullying behaviour they are not telling tales, but that they are acting responsibly.*

Deimhin a dhéanamh de go mbeidh a fhios ag daltaí cé dó ba chóir dóibh a insint agus conas é a dhéanamh/ *Ensure that pupils know who to tell and how to tell e.g.*

- Dul caol díreach chuig múinteoir ag am feiliúnach, mar shampla tar éis ranga/ *direct approach to teacher at an appropriate time e.g. after class.*
- Nóta a thabhairt isteach leis an obair bhaile/ *hand up note with homework.*
- Bosca Frithbhulaíochta nó Cráiteachta/ *anti-bullying or 'niggle' box may be available in more senior classes.*

- Ceist a chur ar thuismitheoir(i)/ar chaomhnóir(i) nó ar chara an scéal a insint dóibh/ *ask a parent(s)/guardian(s) or friend to tell on your behalf.*
- Sna ranganna níos sínsire, (R3-R6) – D'fhéadfadh ceistneoir rúnda a thabhairt do gach dalta go rialta/ *In the more senior classes (R3-R6), the class teacher could administer a confidential questionnaire to all pupils to monitor and investigate bullying incidents in the classroom.*
- Deimhin a dhéanamh de go dtuigeann finnétithe an tábhachtach a bhaineann lena bhfeiceann siad nó lena bhfuil ar eolas acu faoin mbulaíocht atá ar bun a insint/ *ensure bystanders understand the importance of telling if they witness or know that bullying is taking place.*
- Léiriú in oiriúnt do scoláirí na scoile ag míniú go soiléir sainmhíniú na bulaíochta/ *student friendly powerpoint/presentation for students in all classes explaining clearly the definition of bullying.*
- Eolas a thabhairt do thuismitheoirí maidir le heolas úsáideach ar Fhrithbhulaíocht/ *provide parents with useful information on Anti-bullying.*
- Ceachtanna Bí Sábháilte agus ceachtanna OSPS a dhíríonn ar iompar dearfach mar chuid d'ábhar curaclaim i **ngach** rang/ *Stay-Safe lessons and SPHE lessons focusing on positive behaviour form part of the curricular content in all classes*
- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltai/ *effective supervision and monitoring of all pupils*
- Clár fógraíochta do na daltaí, maraon le póstaer sna seomraí ranganna agus póstaer timpeall na scoile, chun béim a chur ar 'CHINEÁLTAS'/ *Student notice board, in addition to posters in the classrooms and around the school, to promote 'KINDNESS'.*

B. Curaclam/ Curriculum

(Teagasc agus Foghlaim/ Teaching and Learning)

Déanaimid ár ndícheall/ *We strive to:*

- Teagasc a sholáthar agus foghlaim atá comhoibríoch agus measúil a chothú, a chothaíonn cuimsiú agus meas ar an éagsúlacht/ *provide teaching and learning which is collaborative and respectful, fostering inclusion and respect for diversity.*
- Comhthuiscint a léiriú ar cad is bulaíocht ann agus ar an tionchar a bhíonn aici ar fhreagracht phearsanta as a gcuid iompair agus a ngníomhartha féin a chur chun cinn/ *display a shared understanding of what bullying is and its impact as promoting personal responsibility for their own behaviours and actions.*
- Iompar measúil i leith comhghleacaithe, daltaí agus cuairteoirí a mhúnlú inár dtimpeallacht scoile/ *model respectful behaviour towards colleagues, pupils and visitors in our school environment.*
- Is féidir le gníomhaíochtaí curaclaim agus seach-churaclaim cabhrú le braistint féinfhiúntais, oibriú le chéile, cuimsiú agus meas a fhorbairt/ *curricular and extra-curricular activities can help to develop a sense of self worth, working together, inclusion and respect.*
- Tugtar deiseanna rialta do na scoláirí oibriú i ngrúpaí beaga le piaraí, rud a chuideoidh leo na mothúcháin a bhaineann le ceangail, muintearas agus comhbhá a chothú/ *Students are given regular opportunities to work in small groups with peers, which can help build a sense of connection, belonging and empathy.*
- Aitheantas dár ndaonra scoile éagsúil – éagsúlacht agus cultúr inár scoil a cheiliúradh trí ealaín, taispeántais, grianghraif, imeachtaí idirnáisiúnta/ *Acknowledgment of our diverse school population – celebrating diversity and culture in our school through art, displays, photographs, international events.*
- Cur i bhfeidhm straitéisí oideachais agus coisc (lena n-áirítear bearta ardaithe feasachta) a chothaíonn comhbhá, meas agus athléimneacht i ndaltaí; agus aghaidh a thabhairt go sainráite ar shaincheistanna na cibearbhulaíochta agus na bulaíochta féiniúlacht-bhunaithe, go háirithe

bulaíocht homafóbach agus thrasfóbach/ *Implementation of education and prevention strategies (including awareness raising measures) that build empathy, respect and resilience in pupils; and o explicitly address the issues of cyber-bullying and identity-based bullying including in particular, homophobic and transphobic bullying.*

Tacaíochtaí don fhoireann:

- Iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh, a fhiosrú agus a leanúint go comhsheasmhach (lena náirítear úsáid a bhaint as straitéisí idirghabhála seanbhunaithe); agus/ *Consistent recording, investigation and follow up of bullying behaviour (including use of established intervention strategies); and*
- Measúnú leanúnach ar éifeachtacht an bheartais frithbhulaíochta/ *On-going evaluation of the effectiveness of the anti-bullying policy.*

Cláir/ Programmes:

- An Curaclam Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)/ *The Social Personal and Health Education (SPHE) curriculum*
- Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)/ *Relationships and Sexuality Education (RSE)*
- Is féidir scileanna foghlama sóisialta agus mothúchánacha na scoláirí a fheabhsú tríd an gcuraclam OSPS/ *Students' social and emotional learning (SEL) skills can be improved through the SPHE curriculum*
- LEANS, Friends for Life, Fun Friends, Friends Resilience, Zippy's Friends, GAP (Gratitude, Altruism & Praise), Feel your Best Self, Fan Slán/*Stay Safe*, Stop Think Do, Zones of Regulation, Ag Fí na Folláine/*Weaving Well-being*, Mí na Néaréagsúlachta/*Neurodiversity Month*.

Acmhainní/Suíomhanna/ Supports/Websites:

- <https://oide.ie/ga/primary/baile/wellbeing/bicinealta/acmhainni/>

Tá sé mar aidhm ag na curaclaim don Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus don Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ag leibhéal na bunscoile folláine, féinmhuinín, agus muintearas scoiláirí a chothú agus braistint freagrachta pearsanta a fhorbhairt maidir lena n-iompraíocht and lena ngníomhaíochtaí féin. Is féidir scileanna maidir le foghlaim shóisialta agus mhothúchánach na scoláirí a fheabhsú tríd an gcuraclam OSPS.

It is the aim of the Social Personal and Health Education (SPHE) Curriculum and the Relationships and Sexuality Education (RSE) Curriculum at primary level, to foster students' well-being and self-confidence as well as promoting personal responsibility for their own behaviours and actions. It is possible to develop students' social and emotional learning through the SPHE curriculum.

C. Polasaí agus Pleanáil/ Policy & Planning

Tá folláine phobal na scoile ag croílár pholasaithe agus pleananna na scoile/ *The wellbeing of the school community is at the heart of school policies and plans.*

Is iad aidhmeanna Polasaí Bí Cineálta Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc/ *The aims of Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc's Bí Cineálta policy are:*

- Feasacht a ardú i measc lucht bainistíochta na scoile, múinteoirí & foireann na scoile, daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí ar bhulaíocht mar chineál iompair do-ghlactha/ *to raise awareness of bullying as a form of unacceptable behaviour with school management, teachers & staff, pupils, parents/guardians.*
- Éiteas scoile a chur chun cinn a spreagann leanaí chun teagmhais iompraíochta bhulaíochta a nochtadh agus a phlé/ *to promote the school ethos which encourages children to disclose*

and discuss incidents of bullying behaviour.

- Go dtabharfaidh an scoil tacaíocht do rannpháirtíocht na scoláirí i bhforbairt agus i bhfeidhmiú polasaithe na scoile, toisc gur fhéadfadh sé sin a bheith fóinteach maidir lefeasacht a mhúscailt agus feidhmiú éifeachtach a chinntiú/ *that the school supports participation of students in the development and implementation of school policies and plans to help increase awareness and ensure effective implementation.*
- Béim a chur ar rannpháirtíocht i gcúrsaí foghlama gairmiúla cuí chun tacú le foireann na scoile i dtaca le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Ba cheart d'fhoirne scoile a dtaithí féin agus samplaí den deachleachtas a roinnt/ *to promote appropriate teacher professional learning courses that can support school staff to prevent and address bullying behaviour. School staff should also share their experiences and examples of best practice.*
- Bearta maoirseachta agus monatóireachta cuí a chinntiú trína gcoimeádtar gach réimse de ghníomhaíocht na scoile faoi bhreathnóireacht/ *to ensure appropriate supervision and monitoring measures through which all areas of school activity are kept under observation.*
- Nósanna imeachta a fhorbairt chun teagmhais iompraíochta bhulaíochta a nótaíl, a imscrúdú agus déileáil leo/ *to develop procedures for noting, investigating and dealing with incidents of bullying behaviour.*

Tá réimse de pholasaithe scoile againn a d'fhéadfadh tacú le polasaí Bí Cineálta na scoile a fheidhmiú/ *There are a range of other school policies that can support implementation of our school's Bí Cineálta policy:*

- Cód Iompraíochta/ *Code of Behaviour*
- Caomhnú Leanaí/ *Child Safeguarding*
- Ráiteas Misin agus Éiteas na Scoile/ *Mission Statement and School Ethos*
- Maoirseachta/Feitheoireacht/ *Monitoring/Supervision*
- Úsáid Inghlactha do Pháistí/ *Acceptable Usage Policy for Children*
- Úsáid Inghlactha don Fhoireann/ *Acceptable Usage Policy for Staff*
- Riachtanaisí Speisialta Oideachais/ *Special Education Needs Policy*
- FMS: Folláinne sa Scoil/ *SSE: Wellbeing in Education*
- Sláinte & Sábháilteachta/ *Health & Safety*
- Dínit San Áit Oibre/ *Dignity in the Workplace*

D. Caidreamh & Comhpháirtíochtaí/ *Relationships & Partnerships:*

Tá naisc láidre idirphearsanta thar a bheith tábhachtach chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi go héifeachtach/ *Strong interpersonal connections are a vital part of effectively preventing and addressing bullying behaviour.*

Is féidir iad seo a leanas a úsáid chun chaidreamh agus comhpháirtíochtaí a neartú idir baill de phobal na scoile/ *The following, can be used to strengthen relationships and partnerships between members of the school community:*

- tionscnaimh feasachta atá aoisoiriúnach agus a fhéachann ar na cúiseanna atá le hiompraíocht bhulaíochta agus an tionchar atá aici, lena náirítear iad siúd a théann i ngleic le cairdeas a stiúradh, bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht, bulaíocht chiníoch, bulaíocht homafóbach/trasfhóbach, gnéasachas agus ciapadh gnéasach/ *age appropriate awareness initiatives that look at the causes and impacts of bullying behaviour including those dealing with navigating friendships, identity based bullying, racist bullying, homophobic/transphobic bullying, sexism and sexual harassment.*
- tacú le rannpháirtíocht ghníomhach scoláirí i saol na scoile/ *supporting the active participation of students in school life.*

- tacú le rannpháirtíocht ghníomhach tuismitheoirí i saol na scoile, lena náirítear iad siúd a bhféadfadh sé a bheith deacair nó dúshlánach dóibh dul i mbun plé leis an scoil de bhrí nach bhfuil eolas acu ar an gcóras oideachais nó de bharr bacainní teanga nó cultúrtha/ *supporting the active participation of parents in school life, including those who may find it difficult or daunting to engage with the school due to being unfamiliar with the education system or due to language or cultural barriers.*
- ceardlanna nó seimineáir a reáchtáil do scoláirí, foirne scoile agus tuismitheoirí chun feasacht ar thionchar na bulaíochta a mhúscaíl/ *conducting workshops and seminars for students, school staff and parents to raise awareness of the impact of bullying.*
- tacú le gníomhaíochtaí a fhorbraíonn comhbhá, meas agus teacht aniar/ *supporting activities that build empathy, respect and resilience.*
- tacaíocht piaraí a spreagadh/ *encouraging peer support.*
- gníomhartha cineálta a chur chun cinn/ *promoting acts of kindness.*
- fadhbréiteach a theagasc/ *teaching problem solving.*

Nuair atá straitéis choisctheach á cur i bhfeidhm rachaidh an scoil i mbun plé le baill de phobal na scoile i gcoitinne a mbíonn teagmháil rialta acu le scoláirí. Is féidir na baill sin den phobal scoile i gcoitinne a spreagadh chun iompraíocht bhulaíochta ar bith a thuairisciú don scoil de réir mar is cuí/ *When implementing a prevention strategy, the school will engage with members of the wider school community who are in regular contact with students to prevent bullying behaviour. These members of the wider school community can be encouraged to report any bullying behaviour to the school as appropriate.*

Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht, aithnítear an tábhacht a bhaineann le caidreamh dearfach ar fud phobal uile an oideachais chun comhbhá, tuiscint agus meas a chur chun cinn. Tá sé fiorthábhachtach go mbeadh an bord bainistíochta, an fhoireann, na scoláirí agus a dtuismitheoirí páirteach ar bhealach fiúntach i bhforbairt, feidhmiú agus athbhreithniú pholasaí Bí Cineálta a scoile chomh maith leis an leagan den bpolasaí atá oiriúnach do scoláirí chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi ar bhealach éifeachtach.

Cineáltas: Action Plan on Bullying recognises the importance of positive relationships across the whole education community to promote empathy, understanding and respect. The meaningful involvement of the board of management, staff, students and their parents in the development, implementation and review of their school's Bí Cineálta policy and student friendly version is essential to effectively prevent and address bullying behaviour.

Tá na polasaithe maoirseachta agus monatóireachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta)
The school has the following supervision and monitoring policies in place to prevent and address bullying behaviour (see Chapter 5 of the Bí Cineálta procedures):

1. Iompraíocht Chibearbhulaíochta a Chosc/ *Preventing cyberbullying behaviour:*

Cuireann an teicneolaíocht agus na meáin shóisialta go leor deiseanna dearfacha ar fáil le haghaidh siamsaíochta, rannpháirtíocht shóisialta agus oideachais. Is cuid den saol í an teicneolaíocht a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar na baill is óige den tsochaí fiú. Mar sin féin, tá scoláirí ag éirí níos leochailí maidir le cibearbhulaíocht nó iompraíocht nach bhfuil inghlactha ar líne mar gheall ar an méadú ar úsáid na teicneolaíochta/ *Technology and social media have provided many positive opportunities for entertainment, social engagement and education. Technology is a part of life that can impact even the youngest members of society. However, the increase in the use of technology has led to students becoming increasingly vulnerable to cyberbullying or unacceptable online behaviour.*

Ba cheart do scoileanna dul i ngleic go réamhghníomhach leis na dúshlán seo trí inniúlacht dhigiteach agus saoránacht dhigiteach a chur chun cinn, agus timpeallachtaí sábháilte ar líne a chothú. I measc na straitéisí chun iompraíocht chibearbhulaíochta a chosc tá na nithe seo a leanas, nach liosta uileghabhálach é/ *Schools should proactively address these challenges by promoting digital literacy, digital citizenship, and fostering safe online environments. Strategies to prevent cyberbullying behaviour include the following, which is not an exhaustive list:*

- an curaclam OSPS a chur i bhfeidhm/ *implementing the SPHE curriculum.*
- an curaclam um inniúlacht ar na meáin dhigiteacha a chur i bhfeidhm, ar curaclam é ina múintear do scoláirí faoi iompraíocht fhreagrach ar líne agus faoi shaoránacht dhigiteach/ *implementing the Digital Media Literacy curriculum which teaches students about responsible online behaviour and digital citizenship.*
- comhráite rialta le scoláirí faoi chaidreamh atá measúil agus cineálta a chothú ar líne/ *having regular conversations with students about developing respectful and kind relationships online.*
- polasaí úsáide inghlactha don teicneolaíocht a fhorbairt agus a chur in iúl/ *developing and communicating an acceptable use policy for technology.*
- tagairt a dhéanamh d'iompraíocht chuí ar líne mar chuid de na caighdeáin iompraíochta sa Chód Iompair/ *referring to appropriate online behaviour as part of the standards of behaviour in the Code of Behaviour.*
- imeachtaí sábháilteachta ar líne a chur chun cinn nó a reáchtáil do thuismitheoirí atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a leanaí ar líne*/ *promoting or hosting online safety events for parents who are responsible for overseeing their children's activities online**
- lá na sábháilteachta idirlín a reáchtáil chun feasacht a threisiú maidir le hiompraíocht chuí ar líne/ *holding an Internet safety day to reinforce awareness around appropriate online behaviour*

*Is í aois an toilithe dhigitigh an aois íosta a chaithfidh úsáideoir a bheith sula bhféadfaidh cuideachta meán sóisialta nó idirlín a s(h)onraí a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil. In Éirinn is é 16 bliana d'aois aois an toilithe dhigitigh/

**The digital age of consent is the minimum age a user must be before a social media or internet company can collect, process and store their data. In Ireland the digital age of consent is 16.*

2. Iompraíocht bulaíochta homafóbaí/trasfhóbaí a chosc/ *Preventing homophobic/transphobic bullying behaviour:*

Tá sé de cheart ag gach scoláire lena náirítear scoláirí aeracha, leispiacha, déghnéasacha agus trasinscne a mhothú go bhfuil siad sábháilte agus go bhfuil tacaíocht á fáil acu ar scoil/ *All students including gay, lesbian, bisexual and transgender students, have a right to feel safe and supported at school.*

I measc na straitéisí chun iompraíocht bulaíochta homafóbaí agus trasfóbaí a chosc tá na nithe seo a leanas, nach liosta uileghabhálach é/ *Strategies to prevent homophobic and transphobic bullying behaviour include the following, which is not an exhaustive list:*

- timpeallacht fhisiciúil ionchuimsitheach a chothú agus a choinneáil, amhail póstaeir ábhartha a chur ar taispeáint/ *maintaining an inclusive physical environment such as by displaying relevant posters.*
- tacaíocht piaraí a spreagadh amhail piarmheantóireacht agus gníomhaíochtaí a chothaíonn comhbhá/ *encouraging peer support such as peer mentoring and empathy building activities*
- steiréitíopaí inscne a cheistiú/ *challenging gender stereotypes.*
- ceardlanna agus seimineáir a reáchtáil do scoláirí, d'fhoireann na scoile agus do thuismitheoirí chun feasacht a mhúscailt ar thionchar na hionpraíochta bulaíochta homafóbaí/ *conducting workshops and seminars for students, school staff and parents to raise awareness of the impact of homophobic bullying behaviour.*
- spreagadh a thabhairt do scoláirí labhairt amach nuair a fheiceann siad iompraíocht homafóbach ag tarlú/ *encouraging students to speak up when they witness homophobic behaviour.*

3. Iompraíocht bulaíochta ciníche a chosc/ *Preventing racist bullying behaviour:*

Tá scoileanna i bhfad níos éagsúla ó thaobh cultúir de le blianta beaga anuas. Tagann scoláirí a fhreastalaíonn ar scoileanna ó mhórán cultúr agus cúlraí éagsúla. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí leithcheal ar scoláirí ó chúlraí éagsúla agus go mbeadh daoine réamhchlaonta ina naghaidh agus go léireofaí iompraíocht bulaíochta ciníche ina leith/ *Schools have become much more culturally diverse over the last number of decades. Students attending schools come from many different cultures and backgrounds. Students from diverse backgrounds may face discrimination and prejudice and may be subject to racist bullying behaviour.*

I measc na straitéisí chun iompraíocht bulaíochta ciníche a chosc tá na nithe seo a leanas, nach liosta uileghabhálach é/ *Strategies to prevent racist bullying behaviour include the following, which is not an exhaustive list:*

- cultúr scoile a chothú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina “bhfeiceann daltaí iad féin” ina dtimpeallacht scoile/ *fostering a school culture where diversity is celebrated and where students “see themselves” in their school environment.*
- éagsúlacht na scoile ó thaobh cultúir de a bheith sofheicthe agus ar taispeáint/ *having the cultural diversity of the school visible and on display.*
- ceardlanna agus seimineáir a reáchtáil do scoláirí, d'fhoireann na scoile agus do thuismitheoirí chun feasacht ar chiníochas a mhúscailt/ *conducting workshops and seminars for students, school staff and parents to raise awareness of racism.*
- tacaíocht piaraí a spreagadh amhail piarmheantóireacht agus gníomhaíochtaí a chothaíonn comhbhá/ *encouraging peer support such as peer mentoring and empathy building activities.*
